

# Coláiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann BIM

## Linn Maireachtála Mara an Chaisleáin Nua

Tugann BIM na teicníochtaí agus na treoracha marthanais is gá d'iascairí agus do dhaoine eile atá ag obair in earnáil an bhia mara in Éirinn chun an seans is fearr a thabhairt dóibh teacht slán má tharlaíonn timpiste farraige.

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí den chúrsa seo ná an oiliúint a dhéantar i linn snámha a thugann tuiscint réadúil do mhic léinn ar a mbeidh rompu i gcás timpiste ar muir agus oiliúint a chur orthu le go mbeidís in ann dul i ngleic leis na dúshláin a bheadh rompu dá dtarlódh timpiste ar muir.

### Saoráidí

Feidhmíonn BIM linn maireachtála mara speisialaithe ina Choláiste Náisiúnta Iascaigh sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall.

**Is iad toisí na linne -**

- 12 mhéadar x 6 mhéadar, le doimhneacht uisce ó 1.3 méadar go 2.8 méadar
- Coinnítear an linn snámha ag teocht 19 gcéim Celsius chun coinníollacha réalaíocha ar muir a ionsamhlú

### Coinníollacha timpeallachta is féidir a chruthú:

- Gaoth ginte ag gaothráin mhóra
- Córas spréire báistí
- Córas fógartha poiblí agus córas fuaime

**Áiríonn an tsaoráid seo -**

- Seomraí feistis agus ceathanna d'fhir agus do mhná
- Páirceáil ar an láthair
- Wi-Fi
- Seomraí Cruinnithe
- Is féidir sólaistí a chur ar fáil freisin

## Linn a fháil ar Cíos

Tá an linn ar fáil le ligean ar cíos agus le húsáid ag úsáideoirí muirí faofa eile.

## Praghsanna Cíosa na Saoráide

| Cineál Úsáideora | Costas | Nótaí |
|---|---|---|
| Ráta Earnáil an Bhia Mara | €1,193 in aghaidh an lae | |
| Ráta earnáil an bhia mara in aghaidh an duine | €75 | 16 mhac léinn |
| Ráta na hearnála mara | €2,996 in aghaidh an lae | |
| Ráta in aghaidh an duine | €250 | 12 mhac léinn |
| Ráta don Linn amháin | €2,016 in aghaidh an lae | |
| Ráta in aghaidh na huaire | €250 in aghaidh na huaire | Garda tarrthála a chur san áireamh.<br>Formhuirear árachais nó slánaíocht árachais a chur san áireamh. |
| Ráta na hIdirbhliana | €1,193 in aghaidh an lae | |
| Ráta na hidirbhliana in aghaidh an duine | €75 | Bunoiliúint Sábháilteachta 3 Lá |

**Chun tuilleadh eolais a fháil / chun do riachtanais a phlé, déan teagmháil le:**

**Garvan Meehan, Príomhoide, CNIÉ BIM an Chaisleáin Nua,**
**Ríomhphost:** garvan.meehan@bim.ie / **Teileafón:** 074 938 1068

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

BIM
Ireland's Seafood Development Agency